Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
County Galway Vocational Education Committee

Seosamh Mac Donncha
B.A., A.T.O., T.T.G.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Chief Executive Officer

An Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
☎ (091) 874260
(091) 874270
enquiries@cogalvec.ie
www.countygalwayvec.com

FAOMHADH POLASAÍ SCOILE

Scoil: COLÁISTE AN EACHRÉIDH

Ghlac Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe leis an bPolasaí Scoile seo a leanas: POLASAÍ AR THURAIS SCOILE

Le leasú / leasuithe ☐ gan leasú /leasuithe ☑

(cóip den leasú /de na leasuithe iniata)

ag cruinniú den Choiste a tionóladh ar an 11ú Iúil, 2012

Sínithe: [signature]
Cathaoirleach an Choiste

Seosamh Mac Donncha
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh agus fáiltítear roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.
The Committee offers a range of services in the Irish language and it welcomes correspondence in Irish or English.

Coiste ... 13 JUL 2012 Chontae na ...

Polasaí ar Thurais Scoile

'Séard atá i gceist le turais scoile na turais eagraithe ag an gColáiste, ina mbíonn scoláirí ag taisteal lasmuigh den scoil.

Baineann an polasaí le:

Scoláirí, tuismitheoirí, príomhoide, foireann riaracháin, múinteoirí an Choláiste, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus an comhlacht árachais.

Cúis

- Ionas go ndéanfaí turais scoile a reáchtáil go sábháilte agus go héifeachtach.
- Go mbeadh an t-eolas cuí, ag an am cuí ag an bpríomhoide, ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí.

Aidhmeanna

- Go mbeadh feidhm oideachasúil ag baint le gach turas.
- Go mbeadh líon turais scoile, a thiocfadh le spriocanna oideachais an Choláiste, á dtairiscint do scoláirí.
- Go gcinnteofaí, chomh mór agus is féidir, nach gcuirfeadh na turais as do dhul chun cinn acadúil scoláire ar bith.
- Go mbeadh turais eagraithe ar chaoi go mbeidís sábháilte agus éifeachtach.
- Go mbeadh an t-eolas cuí in am ag na páirtithe cuí.

Ábhar

- Beidh Cód Iompair an Choláiste i bhfeidhm ar thuras scoile. Tabharfaidh ceannaire an ghrúpa treoracha faoi seo do na scoláirí sula ndéanfadh siad cinneadh faoi thuras.
- Is gá faomhadh a fháil ó udaráis an Choláiste do gach turas scoile.
- Beidh cead scríofa roimh ré ó thuismitheoir/caomhnóir ag teastáil chun páirt a ghlacadh in aon turas scoile.

- Beidh cead scríofa ó thuismitheoir/caomhnóir ag teastáil má tá gá ag scoláire le cogais(oideas) leighis a thogáil.
- Ba cheart aon eolas eile a chabhródh chun sláinte agus sábháilteacht scoláire a chinntiú a bheith curtha ar fáil ag tuismitheoir.
- Beidh ceannaire an turais freagrach as aon táille a bheadh le h-íoc a bhailiú agus a phróiseáil.
- Caithfear sonraí an turais a chur ar fáil d'fhoireann an Choláiste agus don Choiste Gairmoideachais, chomh maith le liosta a chur ar fáil de na scoláirí atá ag taisteal.
- Tá turais scoile eagraithe ar bhealach nach gcuireann as do dhul chun cinn acadúil scoláirí. Ní bhíonn mórán turais eagraithe do ranganna scrúdaithe.
- Coibhneas réasúnta a chinntiú idir múinteoirí agus scoláirí.
- Bosca céad chabhrach a thabhairt nuair is cuí.
- Socraithe a dhéanamh i dtaobh ranganna a bheadh le clúdach agus do scoláirí nach mbeadh ag taisteal. Ba cheart obair a fhágáil do ranganna atá le clúdach.
- Is é/í an múinteoir atá i bhfeighil an turais atá freagrach as na socraithe uile, le comhairle ón bpríomhoide.
- Beidh discréid iomlán ag an scoil i dtaobh cé a bheidh páirteach i dturais scoile.

Cur i bhfeidhm

Beidh an polasaí seo curtha i bhfeidhm ag an bpríomhoide, foireann riaracháin múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí.

Déanfar na cleachtais i dtaobh turais scoile a phlé agus a leasú ag cruinnithe foirne nuair is gá.

Coláiste an Eachréidh
29 MAR 2012
Brian Ó

29.3.12